Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 14 Meitheamh 2022
(OR. en)

10112/22

LIMITE

EF 162
ECOFIN 610
CODEC 892

**Comhad Idirinstitiúideach: 2021/0376 (COD)**

PUBLIC

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle |
| Ábhar: | Athbhreithniú ar an Treoir maidir le Bainisteoirí Cistí Infheistíochta Malartacha<br>– Cur chuige ginearálta |

## I. RÉAMHRÁ

1. An 25 Samhain 2021, tharchuir an Coimisiún Togra Treorach[1] chuig an gComhairle lena leasaítear Treoracha 2011/61/AE (Bainisteoirí Cistí Infheistíochta Malartacha) agus 2009/65/CE (GCUI). Is é is aidhm ghinearálta don athbhreithniú spriocdhírithe sin, ar cuid é de phacáiste reachtach beart lena dtacaítear le doimhniú Aontas na Margaí Caipitil, margaí bainistíochta sócmhainní san Eoraip a chomhtháthú a thuilleadh, agus comhchuibhiú agus nuachóiriú an chreata rialála atá ann faoi láthair a chur chun cinn ag an am céanna.

[1] 14365/21 + ADD 1 go ADD 3

2. Áirítear an méid seo a leanas go háirithe ar na príomh-shaincheisteanna a chumhdaítear sa Togra: oibleagáidí tuairiscithe a bhaineann le feidhmeanna áirithe arna dtarmligean ag bainisteoirí cistí chuig tríú páirtithe; na rialacha maidir le huirlisí bainistithe leachtachta a uasghrádú; coinníollacha chun seirbhísí trasteorann taisclainne a sholáthar; agus, rialacha le haghaidh cistí infheistíochta malartacha lena dtionscnaítear iasachtaí.

3. An 2 Nollaig 2021, rinne Meitheal na Comhairle um Sheirbhísí Airgeadais agus an tAontas Baincéireachta an Togra agus an staidéar tionchair a ghabhann leis a mheas.

PUBLIC

## II. STAID NA hIMEARTHA

4. Phléigh an Mheitheal um Sheirbhísí Airgeadais agus an tAontas Baincéireachta an Togra ag seacht gcruinniú eile faoin Uachtaránacht reatha. Tar éis an chruinnithe dheireanaigh a bhí ag an Meitheal, a bhí ar siúl an 13 Bealtaine, rinne an Uachtaránacht iniúchadh breise, trí theagmhálacha déthaobhacha, ar thabhairt chun críche comhréitigh chothroim, d'fhonn freastal ar sheasaimh na mBallstát a mhéid is féidir. Dá thoradh sin, an 8 Meitheamh 2022[2], chuir an Uachtaránacht comhréiteach deiridh ón Uachtaránacht[3] faoi bhráid Coreper (an dara cuid).

5. Ag an gcruinniú sin de chuid Coreper, thug an Uachtaránacht dá haire gur thacaigh an tromlach a bhí ag teastáil lena togra comhréitigh, d'fhonn é a tharchur chuig an gComhairle agus teacht ar chur chuige ginearálta mar mhír neamhphlé ar an mbonn sin.

[2] 9731/22.
[3] 9768/22.

6. Dá ainneoin sin, ós rud é gur chuir Ballstát amháin ar aghaidh dhá iarraidh ar leasú (thíos), chuir roinnt Ballstát in iúl go raibh siad toilteanach measúnú breise a dhéanamh ar an dá iarraidh sin d'fhonn go bhféadfaí iad a áireamh i gcomhréiteach athbhreithnithe. Dá réir sin, thug an Uachtaránacht faoin measúnú sin lena fhionnadh nach lagófaí an tacaíocht a tugadh don chomhréiteach dá gcuirfí san áireamh iad.

7. Is le hinniúlachtaí a cuireadh de chúram ar an Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA), in dhá réimse ar leith, a bhain an dá leasú ar an téacs comhréitigh (7968/22) a iarradh. Dhírigh an chéad cheann ar chaighdeáin theicniúla rialála a ullmhú maidir leis an bhfaisnéis a bheadh ar bhainisteoirí cistí infheistíochta, faoi chuimsiú a n-oibleagáidí tuairiscithe, a chur faoi bhráid údaráis mhaoirseachta a mBallstáit bhaile i ndáil le socruithe tarmligin le tríú páirtithe. Tar éis di dul i gcomhairle leis na Ballstáit go léir, tá foclaíocht mhalartach á tíolacadh ag an Uachtaránacht chuig Coiste na mBuanionadaithe, ar foclaíocht í ar cosúil go bhfuil sí inghlactha ag na Ballstáit agus a shoiléiríonn gur cheart sainordú ESMA a theorannú chuig leibhéal iomchuí caighdeánaithe a leagan amach i ndáil le réimsí tuairiscithe sonraí maidir le tarmligean a liostaítear i bpointe (d) d'Airteagal 24(2). Soiléirítear leis an bhfoclaíocht sin freisin nár cheart d'obair ESMA oibleagáidí breise tuairiscithe a thabhairt isteach ná aon eilimintí nua a chur isteach nach bhforáiltear dóibh i dtéacs na Treorach sin.

PUBLIC

8. Is é ab aidhm don dara leasú a iarradh raon feidhme idirghabhálacha ESMA i ndáil le comhar idir na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta agus i ndáil le cúnamh le réiteach díospóidí a leagan síos agus a chúngú a thuilleadh — go sonrach, a chúngú go na cásanna sin is cúis le baol tromchúiseach do chosaint infheisteoirí, a chuireann feidhmiú ordúil agus sláine na margaí airgeadais i mbaol nó a bhfuil rioscaí ag baint leo do chobhsaíocht an chórais airgeadais san Aontas go páirteach nó ina iomláine. I bhfianaise an phlé deiridh a bhí aici leis na Ballstáit, mheas an Uachtaránacht go bhféadfadh sí an dara iarraidh sin ar leasú a dheonú gan cothromaíocht pholaitiúil agus uaillmhian fhoriomlán an téacs a chur i mbaol.

9. Measann an Uachtaránacht, agus an dá leasú á gcur isteach (Airteagal 24(6)(a) agus Airteagal 50(5 g) den Treoir leasaithe maidir le Bainisteoirí Infheistíochta Malartacha mar aon leis na forálacha comhfhreagracha do Threoir GCUI), go dtacaíonn an tromlach is gá leis an togra athbhreithnithe comhréitigh deiridh, mar a leagtar amach in 9768/1/22 REV1 é.

10. Tá seasamh Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh ar feitheamh.

PUBLIC

## III. CONCLÚID

11. I bhfianaise an mhéid thuas, moltar go ndéanfadh Coiste na mBuanionadaithe an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

- teacht ar chur chuige ginearálta maidir leis an Togra Treorach, mar a leagtar amach in 9768/1/22 REV1 é, ó tharla gur aontaíodh cheana féin gur cheart do Choiste na mBuanionadaithe a mholadh don Chomhairle leanúint ar aghaidh leis mar mhír neamhphlé;

- a iarraidh ar an Uachtaránacht caibidlíocht a thosú, nuair is indéanta, le Parlaimint na hEorpa ar bhonn an tsainordaithe sin d'fhonn teacht ar chomhaontú ar an gcéad léamh.

PUBLIC